2024/2784

29.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2784 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Deireadh Fómhair 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4i de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

(2) An 31 Eanáir 2023, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh go láidir treascairt rialtas Mhaenmar a toghadh go daonlathach, arna déanamh ag fórsaí armtha Mhaenmar, rud a sháraíonn go follasach toil na ndaoine mar a cuireadh in iúl in olltoghchán an 8 Samhain 2020. Leis an ngníomh neamhdhlisteanach sin, aisiompaíodh aistriú daonlathach na tíre agus d'eascair iarmhairtí tubaisteacha ar chúrsaí daonnúla, sóisialta, slándála, eacnamaíocha agus ar chearta an duine as.

(3) Is cúis mhór imní don Aontas é go fóill go bhfuil an foréigean i Maenmar/Burma ag dul in olcas i gcónaí agus go bhfuil coinbhleacht fhadtréimhseach a mbeidh impleachtaí réigiúnacha aici ag teacht chun cinn. Cáineann an tAontas na sáruithe tromchúiseacha leanúnacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag fórsaí armtha Mhaenmar, lena n-áirítear céasadh, foréigean gnéis agus inscnebhunaithe, géarleanúint ar ghníomhairí na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine agus iriseoirí, agus ionsaithe ar an bpobal sibhialtach, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha.

(4) In éagmais dul chun cinn gasta sa staid i Maenmar/Burma, chuir an tAontas in iúl roinnt uaireanta go raibh sé réidh le bearta sriantacha breise a ghlacadh ina gcoinne siúd atá freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh sa tír sin.

(5) I bhfianaise na staide tromchúisí atá fós ann i Maenmar/Burma, ba cheart triúr agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí ata faoi réir na mbeart sriantach atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta i Roinn A (Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 4a):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘104.	Saw Chit Thu (ar a dtugtar freisin Saw San Myint, Maung Chit Thu, Chit Thu)	Náisiúntacht: Maenmar/Burma; Áit bhreithe: Inn village, Hlaingbwe, Karen State, Maenmar/Burma; Inscne: fireann; Grád: Coirnéal; Eintiteas comhlachaithe: Chit Linn Myaing Group	Is taoiseach cogaidh agus fear gnó in Karen/Kayin é an Coirnéal Saw Chit Thu. Is é duine de bhunaitheoirí agus Ardrúnaí Fhórsaí Gharda Teorann Karen/Kayin (BGF)/Karen National Army (KNA), grúpa armtha atá cleamhnaithe leis an Tatmadaw (Fórsaí Armtha Mhaenmar). Faoi cheannaireacht Chit Thu, tá BGF/KNA freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine i gcoinne sibhialtach ina limistéir oibríochtaí, lena n-áirítear compúin chamscéime ar nós Shwe Kokko. Is moil réigiúnacha iad na compúin don choireacht thrasnáisiúnta, lena n-áirítear calaois ar líne, drugaí agus gáinneáil ar dhaoine. Tá sáruithe ollmhóra á ndéanamh ar chearta an duine sna compúin chamscéime, lena n-áirítear saothar éigeantais agus céasadh, agus mar sin, cuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Maenmar/Burma i mbaol. Tá BGF/KNA ag comhoibriú leis an Tatmadaw chun smacht a choinneáil ar na compúin chamscéime, mar shampla trí eolas a thabhairt don Tatmadaw faoi lucht freasúra an rialtais agus trí shaighdiúirí a earcú le lámh láidir, agus mar sin, cuirtear slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol arís eile. Is é Saw Chit Thu bunaitheoir agus iarchathaoirleach Chit Linn Myaing Group (CLM), grúpa cuideachtaí atá á reáchtáil ag a theaghlach i gcomhar le BGF, a bhfuil baint aige le Shwe Kokko freisin agus a fhaigheann brabús uaidh. Ó 2017, tá Yatai New City á fhorbairt ag Saw Chit Thu in Shwe Kokko i gcomhar le Yatai International Holding Group. Mar dhuine de bhunaitheoirí BGF/KNA agus mar Ardrúnaí orthu, agus ós rud é go raibh sé rannpháirteach sna compúin chamscéime, tá Saw Chit Thu freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma agus, ina theannta sin, tá sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Thairis sin, tá baint aige le Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw).	29.10.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
105.	Mote Thun (ar a dtugtar freisin Saw Mote Thun, Mote Thone)	Náisiúntacht: Maenmar/Burma; Inscne: fireann; Grád: Leifteanantchoirnéal; Feidhm: Leas-Ardrúnaí Fhórsaí Gharda Teorann Karen/Kayin/Arm Náisiúnta Karen (BGF/KNA); duine de bhunaitheoirí Karen/Kayin BGF; Duine aonair comhlachaithe: Saw Chit Thu	Is é an Leifteanantchoirnéal Mote Thun duine de bhunaitheoirí agus Leas-Ardrúnaí Fhórsaí Gharda Teorann Karen/Kayin (BGF/Arm Náisiúnta Karen (KNA), grúpa armtha atá cleamhnaithe leis an Tatmadaw (Fórsaí Armtha Mhaenmar). Tá sé an-chumhachtach i ndeisceart bhailecheantar Myawaddy ag an teorainn idir an Téalainn agus Maenmar, áit a bhfuil a lán ionaid camscéime lonnaithe. Áirítear Wan Kuok-Koi (ar a dtugtar freisin Broken Tooth) agus Dongmei Zone ar na compúin chamscéime is tábhachtaí atá á rialú ag Mote Thun. Tá Mote Thun páirteach i dTionscadal Pháirc KK (KK Park Project) freisin. Is moil réigiúnacha iad na compúin don choireacht thrasnáisiúnta, lena n-áirítear calaois ar líne, drugaí agus gáinneáil ar dhaoine. Tá sáruithe ollmhóra á ndéanamh ar chearta an duine sna compúin chamscéime, lena n-áirítear saothar éigeantais agus céasadh, agus mar sin, cuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Maenmar/Burma i mbaol. Tá BGF/KNA ag comhoibriú leis an Tatmadaw chun smacht a choinneáil ar na compúin chamscéime, mar shampla trí eolas a thabhairt don Tatmadaw faoi lucht freasúra an rialtais agus trí shaighdiúirí a earcú le lámh láidir, agus mar sin cuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol arís eile. Mar dhuine de bhunaitheoirí BGF/KNA agus mar Leas-Ardrúnaí orthu, agus ós rud é go bhfuil sé rannpháirteach sna compúin chamscéime, tá an Leifteanantchoirnéal Mote Thun freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma agus, ina theannta sin, tá sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Thairis sin, tá baint aige le Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw).	29.10.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
106.	Tin Win (ar a dtugtar freisin Saw Tin Win)	Náisiúntacht: Maenmar/Burma; Inscne: fireann; Grád: Maor; Feidhm: Ag freagairt go díreach don Choirnéal Saw Chit Thu in Arm Náisiúnta Karen (KNA), iarchomhalta d'Fhórsaí an Gharda Teorann; Duine aonair comhlachaithe: Saw Chit Thu	Tá an Maor Tin Win ag freagairt go díreach don Choirnéal Saw Chit Thu i bhFórsaí Gharda Teorann Karen/Kayin (BGF)/Arm Náisiúnta Karen (KNA), grúpa armtha atá cleamhnaithe leis an Tatmadaw (Fórsaí Armtha Mhaenmar). Faoi ordú díreach an Choirnéil Saw Chit Thu, tacaíonn Tin Win le compúin chamscéime gar do Myawaddy, mar shampla Shwe Kokko, Tionscadal Pháirc KK agus Tionscadal Huanya, agus baineann sé tairbhe astu. Is moil mhóra réigiúnacha iad seo don choireacht thrasnáisiúnta, lena n-áirítear calaois ar líne, an gháinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine. Tá sáruithe ollmhóra á ndéanamh ar chearta an duine sna compúin chamscéime, lena n-áirítear saothar éigeantais agus céasadh, agus mar sin cuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Maenmar/Burma i mbaol. Tá BGF/KNA ag comhoibriú leis an Tatmadaw chun smacht a choinneáil ar na compúin chamscéime, mar shampla trí eolas a thabhairt don Tatmadaw faoi lucht freasúra an rialtais agus trí shaighdiúirí a earcú le lámh láidir, agus mar sin, cuirtear slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol arís eile. Ina ról i BGF/KNA agus ós rud é go raibh sé rannpháirteach sna compúin chamscéime, tá an Maor Tin Win freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma agus, ina theannta sin, tá sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Thairis sin, tá baint aige le Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw).	29.10.2024'

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas leis an liosta i Roinn B (Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4a):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘22.	Chit Linn Myaing Group (CLM)	Áit chláraithe: Maenmar/Burma; Príomhionad gnó: Shwe Kokko, Myawaddy Township, Myawaddy District, Kayin State, Maenmar/Burma	Is grúpa cuideachtaí é Chit Linn Myaing Group (CLM) atá á rialú ag an gCoirnéal Saw Chit Thu, duine de bhunaitheoirí agus Ardrúnaí Fhórsaí Gharda Teorann Karen/Kayin (BGF)/Arm Náisiúnta Karen (KNA), grúpa armtha atá cleamhnaithe leis an Tatmadaw (Fórsaí Armtha Mhaenmar), agus a theaghlach. Tá baint ag CLM le gníomhaíochtaí i gcompúin chamscéime, atá á rialú ag BGF/KNA, i mbailecheantar Myawaddy (ag an teorainn idir an Téalainn agus Maenmar), lena n-áirítear, i measc nithe eile, cathair Shwe Kokko, agus baineann sé tairbhe airgeadais astu. Is mol é Shwe Kokko don choireacht thrasnáisiúnta, lena n-áirítear calaois ar líne, an gháinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine. Tá sáruithe ollmhóra á ndéanamh ar chearta an duine sa chathair chamscéime, lena n-áirítear saothar éigeantais agus céasadh, agus mar sin, cuirtear an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht i Maenmar/Burma i mbaol. Tá BGF/KNA ag comhoibriú leis an Tatmadaw chun smacht a choinneáil ar na compúin chamscéime, mar shampla trí eolas a thabhairt don Tatmadaw faoi lucht freasúra an rialtais agus trí shaighdiúirí a earcú le lámh láidir, agus mar sin, cuirtear slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol arís eile. Dá bhrí sin, tá Chit Linn Myaing Group i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol agus tá tairbhe á baint aige as Fórsaí Armtha Mhaenmar freisin. Tá baint ag Chit Linn Myaing Group le Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw).	29.10.2024’.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2784/oj